

AN LIABHÁN GRÉINE

Breac é an liabhán gréine gan anachain ar bith. Má fhágann sé an lá breagh cuirfidh sé a bholg bán os a chionn lé sámhas an teas. Má chuimleann tú cois geaf nó maide rámha go réidh dhe tosochaidh samhas ag tigheacht air. Sin é an fáth a n-éirigheann sé i mbarr an uisce le cineál grís eicint a thagans tríd a chraiceann. Bhí fear ins an Lochán Beag a dtugaidís Séamus beag Mhac Thuathaláin air. Badh é an fear fairrge a b'fhearr ó Cheann Chasla go Gaillimh é. Bhí slám mór de na curacha amuich an lá seo agus de na báid. Chonnaiceadar an liabhán ag eirighe taobh amuich de charraig bhéil trágadh. "A Shéamuis," adeir duine acab, "féacha thoir an liabhán." Bhí Séamus briotach. "Mim, mim, mim," adeir sé, "measann tú an ngeobhfaidh mé an lámh in uachtar air?"

"Tuige nach ngeobfá" adeir duine acab "má tá téad mhaith agat, téad nua glan aníos as Tigh Ruadháin. Iomra leat soir anois a Padhraic Uí Chadhla" fear a bhí sa gcurach leis. Nuair a tháinigeadar i ngar dó, "tá tú ann a bhuachaill," adeir Séamus, "ach an áit ar chodail tú aréir ní ann a codlóchaidh tú anocht." Cheangail sé an téad sa loiseoc an gheaf agus suas dhá láimh. Thug sé iarraidh faoi'n liabhán agus chuir sé an geaf faoin gcnámh ann. Nuair a ghortuigh sé an leabhán d'éirigh sé cúig troighe deag san aer.

Soir leis an cuan. Thosaigh Séamus ag sgaoileadh téide leis nó go raibh deire na teide caithte. "Támuid ag na portáin" adeir sé. Thosuigh sé ag cuartú na sgeine go ngearrfadh sé an téad. Bhí sé cinnte air an sgian fhágáil. Badh éard a bhí air caiptín cruinn bádóra an áit a mbíodh an píopa i dtaisge aige. Shíl sé go raibh an sgian ann.

"Nach shin í an sgian leagtha le t'ais ar an seas" adeir Mac Uí Chadhla. Bhí amharc Shéamuis leathnuigte ina shúilibh. Chaith sé uaidh an caipín thar bord amach. Rug sé ar an sgian, ghearr sé cuig feadh deag agus fiche de théad. Soir leis an liabhán an Caoláire (cuan) agus an téad ina dhiaidh aniar. Soir le Seamus ina dhiaidh le na churach agus air léir mar bhí an liabhán ag imtheacht bhí sé ag cailleadh na fola, ach os cionn céibh an Spidéil seadh d'éirigh an liabhán básuighthe. Thug Séamus leis é go dtug sé isteach i sean-chéibh an Spidéil é. Spáin Mac Túirisg cén chaoi a n-osglóchadh sé é. Idir chuile short bhí naoi bpunta dhéag ag Séamus mar gheall air. Tá Séamus le curach ariamh agus é féin ag déanamh a chuid curacha féin. Níor leag sé currach ar an uisce ar an Domhnach ariamh go mbeadh Aifreann aige. Dúirt sé fear ar bith a gheobhfadh Aifreann pé bí caoi a dtiocfadh an lá ar fairrge ní raibh an diabhal indon a bháthadh. Caitfidh an gliomadóir dul ar an bhfairrge Dia Domhnaigh féin nó mara ngabhfaidh tá na baoidhte iththe ag an eascoin. Níor chorrugh an clár nó an tsail ó na Sgeirdí aniar nach ngeobhfadh Séamus a mboladh – gheobhfá boladh na ngiúrann ortha. Is aige a bhíodh ádhmad na tíre. Bhí sé aon oidhche amháin agus nuair a tháinig sé ó chuairt dubhairt sé leis féin nach ngabfadh sé ar leabaidh ar bith ach go luidhfheadh sé chos na teineadh mar bhí sruth mór rabharta ann agus formán gaoithe aniar ndeas. "Má tá aon chlár" adeir sé, "ó Aill na nGlasóg isteach nó aon phíosa de shail beidh sé i gcuainín na Searrach (aniar ó Cor na na Rón) ar maidin."

D'imthigh leis nuair a dhúisigh sé. Shíl sé go raibh sé níos fuide ann ná mar bhí. Rug sé ar a mhaide agus ar a laindéir. Badh é féin a rinne an lanndéir – bhí ceithre phlána gloine ann.

Bhí an oidhche an-dubh. Bhí sé ag déanamh síos ar an gcladach agus tháinig sé sé i mullach árd a dtugann siad Ard na Fearsaide air. Nuair a bhí sé ag tuitim síos le fánadh i bfoisgeacht trí chéad slat den fairrge buaileadh aniar ins na hiasgaidí é le criafóg agus bhí sé ag déanamh amach go raibh tuairim leath chéad meadhachain ann. "Nach fairsing atá criafóg agaibh" adeir sé, mar nár cuir aon bhlas ariamh aon fhaitíos air, "agus má tá sibh chomh tuirseach sin di caithidhidh annsin thuas ar na leacracha i ngarrdha Phaits Phaidín í" – garrdha a bhí aige fein. D'imthigh leis ina bhealach. Níor déanadh air níos mó. Shiubhail sé siar le tuinn agus ní raibh sé i bfoisgeacht deich slata dhá bheith ina lán mhara. Fuair sé maide rámha coibhád. "Tá tuille ina dhiaidh seo," adeir sé. Ag dul siar ag béal bóthar Baile an Tighe Mhóir chuaigh a chos síos i dtóchar (gullet). Coinnigheadh annsin é. Bhíodhadh ag fáisg ar a chois i gcomhnaidhe. "Go raibh sibh ag an diabhal," adeir sé, "a bhfuil sibh ag iarraidh an chos a bhaint díom." Sin é an uair a fuair sé fáfal le n-a chois a thabhairt as. Ní raibh aon tóchar annsin ariamh agus ní bheidh go brathach ach tráigh ghainimh com mín leis an síoda ach ón lá sin go dtí an lá atá indiu ann ní dheachaidh Séamus Beag le fairrge san oidhche.

22/5/30.